Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11894/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0239(NLE)**

| | |
|---|---|
| **COASI 130** | **COMPET 658** |
| **ASIE 59** | **RECH 472** |
| **CFSP/PESC 1088** | **ENER 402** |
| **COHOM 92** | **TRANS 536** |
| **CONOP 76** | **TELECOM 345** |
| **COTER 209** | **ENV 811** |
| **JAI 1102** | **EDUC 294** |
| **WTO 153** | **EMPL 312** |
| **FISC 168** | **DEVGEN 165** |
| **ECOFIN 810** | **SUSTDEV 147** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 403 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 403 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 403 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.8.2022
COM(2022) 403 final

2022/0239 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile[1], i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile (‘an Comhaontú’) caidreamh déthaobhach na bPáirtithe a neartú, a ghabhann orthu féin idirphlé cuimsitheach a reáchtáil agus tuilleadh comhair a chur chun cinn eatarthu maidir le gach earnáil leasa fhrithpháirtigh. Tháinig an Comhaontú sin i bhfeidhm an 1 Samhain 2017.

### 2.2. An Comhchoiste

Le hAirteagal 56 (1) den Chomhaontú bunaítear an Comhchoiste ar a mbeidh ionadaithe ar an dá Pháirtí. Foráiltear le hAirteagal 56(1) gurb iad na cúraimí atá air:

(a) feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú;

(b) tosaíochtaí a leagan síos i ndáil le haidhmeanna an Chomhaontaithe;

(c) moltaí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a chur chun cinn.

De bhun Airteagal 56(2) den Chomhaontú, tá an chumhacht ag an gComhchoiste cinntí a dhéanamh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú. Déanfar cinntí a tharraingt suas trí chomhaontú idir na Páirtithe, tar éis na nósanna imeachta inmheánacha faoi seach is gá chun seasamh a bhunú ina leith ag an dá Pháirtí a thabhairt chun críche. Beidh na cinntí ceangailteach ar na Páirtithe, a dhéanfaidh na bearta is gá chun iad a chur chun feidhme.

Faoi Airteagal 56(4), féadfaidh an Comhchoiste meithleacha speisialaithe a chur ar bun chun cúnamh a thabhairt dó a chúraimí a chomhlíonadh. Tá na meithleacha sin le tuarascálacha mionsonraithe ar a gcuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste ag gach ceann dá chruinnithe.

De bhun Airteagal 1(3) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[2], is iad Aire Gnóthaí Eachtracha na Mongóile agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gComhchoiste ar feadh tréimhse bliana

---

[1] Cinneadh (AE) 2017/2270 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2017 maidir leis an gComhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Mhongóil, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích (IO L 326, 9.12.2017, lch. 5).

[2] Dréacht-Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2020/790 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste agus san Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, maidir le glacadh cinntí i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus rialacha nós imeachta an Fhochoiste um Thrádáil agus Infheistíocht (IO L 193, 17.6.2020, lch 5).

féilire amháin. Féadfaidh na Cathaoirligh a n-údarás chun bheith i gceannas ar chruinnithe uile an Chomhchoiste nó ar chuid díobh a tharmligean chuig oifigeach sinsearach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Le linn a cheathrú seisiún, nó, más iomchuí, trí nós imeachta i scríbhinn roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 8(3) dá Rialacha Nós Imeachta, moltar go nglacfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir le Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú, lena n-áirítear téarmaí tagartha na Meithle sin a ghlacadh ('an gníomh atá beartaithe'), i gcomhréir le hAirteagal 56(4) den Chomhaontú agus le hAirteagal 10(1)(2) de na Rialacha Nós Imeachta.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe meitheal speisialaithe um chomhar um fhorbairt a chur ar bun chun cabhrú leis an gComhchoiste a chúraimí a chomhlíonadh. Tá an mheitheal sin le tuarascálacha mionsonraithe ar a cuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste ag gach ceann dá chruinnithe.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 56 (2) den Chomhaontú, lena bhforáiltear: 'Chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, beidh an chumhacht ag an gComhchoiste agus ag an bhFochoiste a bhunaítear le hAirteagal 28 cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear ann. Déanfar cinntí a tharraingt suas trí chomhaontú idir na Páirtithe, tar éis na nósanna imeachta inmheánacha faoi seach is gá chun seasamh a bhunú ina leith ag an dá Pháirtí a thabhairt chun críche. Beidh na cinntí ceangailteach ar na Páirtithe, a dhéanfaidh na bearta is gá chun iad a chur chun feidhme.'

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, bunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna chur ar bun leis an gComhaontú maidir leis an moladh Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú agus a théarmaí tagartha a ghlacadh. Tar éis chruinniú an Chomhchoiste an 3 Nollaig 2020, chuir an tAontas agus an Mhongóil in iúl, sna miontuairiscí a comhaontaíodh, go raibh sé beartaithe acu oibriú chun meitheal den sórt sin a bhunú, a luaithe a bheidh na nósanna imeachta inmheánacha chuige sin faoi seach tugtha chun críche.

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabail an Chomhaontaithe, ar dá réir ba cheart gach gné den fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Thairis sin, foráiltear in Airteagal 2 de go ngabhann na Páirtithe orthu féin idirphlé cuimsitheach a reáchtáil agus comhar breise eatarthu a chur chun cinn maidir le gach earnáil leasa fhrithpháirtigh. Tá sé sin ag teacht freisin le sprioc dearbhaithe an Chonartha forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil tíortha i mbéal forbartha a chothú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí

idirnáisiúnta, ach 'a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá sa Chomhchoiste comhlacht arna bhunú trí chomhaontú, eadhon an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh atá beartaithe toisc go mbeidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 56(2) den Chomhaontú agus ceadófar leis Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a chruthú i gcomhréir le hAirteagal 56(4) den Chomhaontú. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

**4.2. Bunús dlí substainteach**

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, is ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhraitheann sé go príomha, gníomh a bhfuiltear ag glacadh seasamh ina leith thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomhchomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomhchomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhar um fhorbairt. Dá bhrí sin, is é Airteagal 209 CFAE an bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é Airteagal 209 CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2022/0239 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mhongóil, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Mhongóil, den pháirt eile ("an Comhaontú") i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/2270[4] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Samhain 2017.

(2) De bhun Airteagal 56(4) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste meithleacha speisialaithe a chur ar bun chun cúnamh a thabhairt dó a chúraimí a chomhlíonadh. Tá na meithleacha sin le tuarascálacha mionsonraithe ar a gcuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste ag gach ceann dá chruinnithe.

(3) Chuir an tAontas agus an Mhongóil araon in iúl gur spéis leo Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a bhunú lena ndéanfaí an comhar idir na Páirtithe a chur ar bhonn foirmiúil agus a dhoimhniú agus a chuirfeadh ionchur ar fáil don Chomhchoiste freisin.

(4) Tá an Comhchoiste, le linn a cheathrú seisiún, nó, más iomchuí, trí nós imeachta i scríbhinn roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 8(3) dá Rialacha Nós Imeachta, le cinneadh a ghlacadh maidir leis an Meitheal um Chomhar um Fhorbairt a chruthú agus maidir lena théarmaí tagartha a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ceangailteach ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa cheathrú seisiún den Chomhchoiste, nó, más iomchuí, trí nós imeachta i scríbhinn roimh ré, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomh an Chomhchoiste mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

[4] IO L 326, 9.12.2017, lgh. 5-6.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais ar an gComhchoiste mionathruithe ar an dréachtghníomh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*